2024/2562

27.9.2024

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2562 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3 Meitheamh 2024**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 a mhéid a bhaineann le critéir áirithe chun samplaí a roghnú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(2), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún ([2]) critéir chun teaglamaí sonracha grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí a roghnú le haghaidh na bpleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit. Bunaithe ar thaithí phraiticiúil ar chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644, níl aon substaint ábhartha ó ghrúpa substaintí A(3), pointe (b) le haghaidh bainne amh bó-ainmhithe, caorach agus gabhair ná le haghaidh meala le seiceáil sna pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit. Thairis sin, tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644, tháinig athrú ar ábhar na bhfoghrúpaí de shubstaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ainmhithe ('substaintí Ghrúpa A') dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Mar thoradh air sin, i gcás tráchtearraí áirithe atá le seiceáil, níl aon substaint ábhartha ann a bhaineann le grúpa substaintí A(3), pointe (f). Dá bhrí sin, ba cheart an ceanglas sainordaitheach samplála a bhaint den tábla i bpointe A.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 le haghaidh na dteaglamaí grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí lena mbaineann.

(2) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644, tá foráil maidir le substaintí Ghrúpa A lena sonraítear critéir chun teaglamaí sonracha grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí a roghnú le haghaidh na bpleananna faireachais randamaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit. Chun soiléireacht na forála sin a fheabhsú, ba cheart í a athscríobh.

(3) Bunaithe ar thaithí phraiticiúil ar chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644, níl aon substaint ábhartha ó ghrúpa substaintí B(1), pointe (e) le haghaidh na ngrúpaí tráchtearraí uile ná aon substaint ábhartha ó ghrúpa substaintí B(2) le haghaidh bainne amh bó-ainmhithe, caorach agus gabhair le seiceáil sna pleananna faireachais randamaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit. Dá bhrí sin, ba cheart an ceanglas sainordaitheach samplála a bhaint den tábla in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 le haghaidh na dteaglamaí grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí lena mbaineann.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 a leasú dá réir sin.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais shonracha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh (IO L 248, 26.9.2022, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1644/oj).

(5) Tá na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 le háireamh sna pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta agus sna pleananna faireachais randamaithe náisiúnta atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin le go ndéanfaidh sé measúnú orthu go bliantúil i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún ([3]), agus dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo den chéad uair maidir leis na pleananna le haghaidh na bliana 2025. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Meitheamh 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh, agus maidir le hábhar sonrach pleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúil agus socruithe sonracha chun iad a ullmhú (IO L 248, 26.9.2022, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1646/oj).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i bpointe A.1, sa tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le grúpa substaintí A(3), pointe (b):

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘A(3), pointe (b) | X | X | X | X | X | | X | X’ | | |

(b) i bpointe A.1, sa tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le grúpa substaintí A(3), pointe (f):

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘A(3), pointe (f) | X | X | X | X | | X | | X | X’ | |

(2) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chuid maidir le substaintí Ghrúpa A:

‘**Substaintí Ghrúpa A**

Na samplaí ina bhfuil teaglamaí grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí, beidh siad éagsúil leis na samplaí a thógtar dá dtagraítear sna pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit.’;

(b) sa chuid maidir le substaintí Ghrúpa B, sa tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le grúpa substaintí B1e:

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘B1e’ | | | | | | | | | |

(c) sa chuid maidir le substaintí Ghrúpa B, sa tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le grúpa substaintí B2:

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘B2 | X | X | X | X | | | X | X’ | |